**COMHAONTÚ COMHAIR IDIR ÚDARÁS NA gCAIGHDEÁN FÓGRAÍOCHTA**

**agus**

**COIMISIÚN NA MEÁN**

.

**Réamhrá**

1. Leagtar síos creat comhoibrithe agus cumarsáide stuama leis an gComhaontú Comhair seo ("**comhaontú**") idir Údarás na gCaighdeán Fógraíochta ("**ÚCF**") agus Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**"), a dtagraítear dóibh le chéile mar na "**páirtithe**" agus a dtagraítear dóibh go haonair mar "**páirtí**" ar fud an doiciméid seo.

2. Déantar an comhaontú seo ar bhonn deonach agus neamhcheangailteach. D'oibrigh Údarás na gCaighdeán Fógraíochta go héifeachtach, roimh an gcomhaontú seo, in éineacht le réamhtheachtaí Choimisiún na Meán, Údarás Craolacháin na hÉireann ("**BAI**"), maidir le hullmhú na n-oibleagáidí a bhaineann le fógraíocht a thagann chun cinn d'Éirinn faoi Threoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 (an "**Treoir Leasaitheach**") lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar i bhfianaise athruithe ar an margadh (le chéile an "**Treoir Athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**").

**An Treoir Athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMS)**

3. Leis an Treoir Athbhreithnithe AVMS spreagtar Ballstáit an Aontais le haitheantas a thabhairt don ról is féidir le comhrialáil agus féinrialáil éifeachtach a chomhlíonadh mar ionstraim bheartais chomhlántach a ghabhann leis na sásraí reachtúla, breithiúnacha, agus riaracháin atá i bhfeidhm agus a rannchuidiú áisiúil do bhaint amach na gcuspóirí sa Treoir Athbhreithnithe AVMS. Foráiltear in Airteagal 4a(1) *"Déanfaidh na Ballstáit úsáid comhrialála agus cothú féinrialála a spreagadh trí chóid iompair a ghlacfar ar an leibhéal náisiúnta sna réimsí atá á gcomhordú faoin Treoir seo sa mhéid a cheadaítear é sin faoina gcórais dhlíthiúla"*.

4. Tugtar tuairisc in Aithris 14 den Treoir Leasaitheach ar fhéinrialáil agus ar chomhrialáil sna téarmaí seo a leanas:

   (a) cuimsítear le féinrialáil tionscnaimh dheonacha lena gcuirtear ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí agus comhlachais neamhrialtasacha treoirlínte comhchoiteanna a ghlacadh ina measc féin agus dóibh féin;

   (b) leis an gcomhrialáil roinntear an ról rialála idir páirtithe leasmhara agus údaráis rialála náisiúnta agus is é ról na n-údarás poiblí cosúil leis an gCoimisiún i scéimeanna den sórt sin aitheantas a thabhairt don scéim chomhrialála, iniúchadh a dhéanamh ar a próisis agus, más gá, páirt a ghlacadh i maoiniú na scéime, rud lena cheart idirghabháil an stáit a cheadú i gcás nach gcomhlíontar a chuspóirí.

5. Mar léiriú ar an Treoir Athbhreithnithe AVMS, foráiltear le halt 34 den Acht Craolacháin 2009 go bhféadfaidh an Coimisiún dul i gcomhar le duine nó grúpa daoine, nó cúnamh a thabhairt do dhuine nó do ghrúpa daoine, bídís bunaithe i Stát na hÉireann nó in áit éigin eile, leis an ullmhú a dhéanfaidh an duine nó an grúpa sin ar chaighdeáin, nó le bunú nó riar an duine nó an ghrúpa sin ar chóras féinrialála, a bhaineann le rialáil bunábhair cláir, le físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí (lena n-áirítear ábhar a chuirtear ar ardáin comhroinnte físeán), nó le hábhar eile.

6. Tugtar sraith critéar in Airteagal 4a den Treoir Athbhreithnithe AVMS le haghaidh córais agus cóid féinrialála agus comhrialála den sórt sin, lena n-áirítear:

   - go nglacfadh na príomhpháirtithe leasmhara iad a bheag nó a mhór sna Ballstáit lena mbaineann;
   - go mbeidh siad soiléir agus gan débhrí maidir lena gcuspóirí a leagan amach;
   - go mbeadh foráil iontu le haghaidh monatóireacht agus meastóireacht rialta, trédhearcach agus neamhspleách ar bhaint amach a gcuspóirí;
   - go mbeadh foráil iontu le haghaidh forfheidhmiú éifeachtach lena n-áirítear smachtbhannaí éifeachtacha agus comhréireacha.

7. Déanann eagraíochtaí féinrialála, a chomhordaíonn an Chomhghuaillíocht Eorpach um Chaighdeáin Fógraíochta ("**EASA**") ar an leibhéal Eorpach, cóid iompair fógraíochta a riar agus a fhorfheidhmiú, ar cóid iad a ghlactar i gcomhréir leis na prionsabail a chumhdaítear sa Treoir Athbhreithnithe AVMS, rud a chinntíonn go ndéantar fógraíocht fhreagrach trí chórais féinrialála agus chomhrialála éifeachtacha agus chuimsitheacha ar an leibhéal náisiúnta. Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chomhghuaillíocht Eorpach um Chaighdeáin Fógraíochta Ráiteas Intinne, agus é mar rún leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar an obair go dtí seo agus tógáil ar an obair sin. Rinne an Coimisiún agus an Chomhghuaillíocht Ráiteas Comhintinne freisin an 25 Iúil 2023.

**Ról agus feidhm Údarás na gCaighdeán Fógraíochta**

8. Is comhlacht féinrialála neamhreachtúil agus neamhspleách é an tÚdarás atá freagrach as na caighdeáin is airde i gcumarsáid margaíochta a chur chun cinn, a rialáil agus a fhorfheidhmiú in Éirinn.

9. Cinntíonn an tÚdarás go gcloífidh an tionscal fógraíochta le caighdeáin a dhréachtófar agus a fhorfheidhmeofar thar ceann na leasanna fógraíochta uile (Cód um Chaighdeáin Fógraíochta agus Cumarsáid Margaíochta) agus leis sin déanfar na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú trí thiomantas agus comhoibriú fógróirí, gníomhaireachtaí agus na meán.

10. Tá an Cód Caighdeán um Fógraíocht agus Cumarsáid Margaíochta bunaithe ar na prionsabail arna mbunú ag an gComhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta agus a dhréachtaigh Údarás na gCaighdeán Fógraíochta tar éis dul i ndianchomhairliúchán le gach leas agus comhlacht ábhartha lena n-áirítear an pobal, ionadaithe tomhaltóirí, agus ranna/gníomhaireachtaí rialtais.

**Ról agus feidhm Choimisiún na Meán**

11. Bunaíodh an Coimisiún faoi Acht Craolacháin 2009 agus faoin Acht sin tá sé freagrach as na nithe seo a leanas:

    (a) rialú na meán craolacháin, closamhairc ar éileamh;
    (b) tacú le forbairt na hearnála meán i gcoitinne;
    (c) creat rialála a sholáthar le haghaidh sábháilteacht ar líne in Éirinn trí chóid agus rialacha seirbhíse meán agus cóid sábháilteachta ar líne a chruthú agus a fhorfheidhmiú;
    (d) maoirsiú agus forfheidhmiú gnéithe den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha de bhun ainmniúchán an Choimisiúin mar Chomhordaitheoir náisiúnta na Seirbhísí Digiteacha agus mar údarás inniúil le halt 7(6) den Acht Craolacháin, 2009.

12. Maidir le cumarsáid thráchtála, féadfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh—

    (a) maidir le craoltóirí nó soláthraithe seirbhís meán closamhairc ar éileamh, cóid seirbhíse meán ina bhforáiltear do chaighdeáin agus cleachtais chun a chinntiú go ndéanfaidh cumarsáid den sórt sin—
        (i) leasanna an lucht féachana a chosaint, agus
        (ii) go háirithe, i gcás ina mbaineann siad le nithe ar dóigh go mbeidh leas díreach nó indíreach ag leanaí iontu, leasanna leanaí a chosaint agus aird ar leasanna sláinte poiblí ginearálta leanaí,

    agus,

    (b) maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, cóid sábháilteachta ar líne chun a chinntiú go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse ainmnithe na nithe seo a leanas—
        (i) bearta a dhéanamh chun na cosaintí a leagtar amach in Airteagal 28b(1)(a), (b), agus (c) den Treoir Athbhreithnithe AVMS a sholáthar,
        (ii) an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Treoir Athbhreithnithe AVMS a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann an soláthraí seirbhíse a mhargú, a dhíol nó a shocrú; agus
        (iii) bearta iomchuí a dhéanamh chun ceanglais Airteagal 9(1) de Threoir Athbhreithnithe AVMS a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an soláthraí seirbhíse a mhargú, a dhíol ná a shocrú, agus an smacht teoranta atá acu ar an gcumarsáid sin á chur san áireamh.

13. Maidir le fógraí, cuirtear cosc le halt 46M den Acht Craolacháin 2009 ar fhógraí áirithe agus leagtar síos leithdháiltí uasta d’am craolacháin laethúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime le haghaidh fógraí.

Ina theannta sin, faoi fhógraí an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha–ina gcuimsítear fógraí neamhthráchtála–ar ardáin ar líne ní mór dóibh ceanglais trédhearcachta ar leith a chomhlíonadh (Airteagail 26 agus 39). Tá ceanglais ag baint freisin le córais moltaí lena gcinntear an t-ábhar, lena n-áirítear ábhar fógraíochta, a chuirtear ar fáil d’fhaighteoir na seirbhíse (Airteagail 27 agus 38).

**Neamhspleáchas na bpáirtithe**

14. Tá sainchúraimí ar leithligh agus neamhspleácha ag na páirtithe.

15. Aithníonn gach ceann de na páirtithe a neamhspleáchas comhpháirteach féin agus an gá atá ann nithe a dhéanamh i gcomhréir lena gcumhachtaí agus lena bhfreagrachtaí (de réir mar is cuí) faoi seach.

**Cuspóir an chomhaontaithe seo**

16. Is é is aidhm don chomhaontú seo a bheith in ann caidreamh dearfach a chothú idir na páirtithe chun dul i gcomhar ar nithe comhleasa a bhaineann le fógraíocht agus le cumarsáid margaíochta tráchtála.

17. Tá comhleas ag na páirtithe sna nithe seo a leanas (“**nithe comhleasa**”):

    - feasacht maidir le forálacha ábhartha de dhlí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le fógraí agus cumarsáid margaíochta tráchtála a chur chun cinn, agus a chinntiú go gcomhlíontar na forálacha sin, lena n-áirítear, go háirithe, an Treoir Athbhreithnithe AVMS agus Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an “**Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha**”);
    - leasanna na ndaoine a fhaigheann na fógraí agus an chumarsáid margaíochta tráchtála a chosaint trí fhéachaint lena chinntiú go bhfuil na fógraí agus an chumarsáid sin dleathach, macánta, ionraic agus fírinneach.
    - Féachaint lena chinntiú nach bhfeiceann leanaí ná daoine aonair atá i mbaol ábhar a d’fhéadfadh a bheith díobhálach agus gur féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu go ginearálta as fógraíocht agus as cineálacha eile cumarsáide margaíochta tráchtála.

18. Aithníonn na páirtithe an tairbhe a bhaineann le comhthuiscint a leagan amach sa chomhaontú seo maidir leis an gcaidreamh leanúnach sin.

19. Beidh aon chomhoibriú agus rannpháirteachas idir na páirtithe faoi réir na dtosaíochtaí agus na n-acmhainní a bheidh ar fáil do gach ceann de na páirtithe agus beidh sé comhsheasmhach le gach ceanglas dlí is infheidhme.

20. Maidir le nithe comhleasa, tá na páirtithe meáite ar na prionsabail chomhoibrithe seo a leanas:

    (a) próiseas éifeachtach gearán a chur ar fáil do dhaoine a fhaigheann fógraí nó cumarsáid margaíochta tráchtála ar mian leo gearáin bhailí a dhéanamh maidir leis na fógraí nó an chumarsáid sin;

(b) ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc seirbhísí meán, ardáin ar líne agus comhlachtaí fógraíochta chun cloí le forálacha sa dlí Éireannach agus Eorpach atá i bhfeidhm maidir le nithe comhleasa;
(c) cóid agus rialacha rialála atá láidir agus éifeachtach a fhógairt;
(d) leanaí agus daoine eile atá i mbaol a chosaint ar fhógraí nó ar chumarsáid margaíochta tráchtála a bheadh díobhálach dóibh;
(e) idirphlé agus malairtí gníomhacha ar nithe comhleasa a chur chun cinn;
(f) iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí gníomhaíocht taighde chomhpháirteach a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí sa tírdhreach rialála a mhéid a bhaineann sé le nithe comhleasa.

21. Aithníonn gach ceann de na páirtithe, d'ainneoin aon fhoráil eile den chomhaontú seo, go bhféadfaidh sé gan eolas a nochtadh don pháirtí eile i gcomhréir leis an gcomhaontú seo ach amháin má cheadaítear nó má cheanglaítear air déanamh amhlaidh, nó mura gcoisctear air déanamh amhlaidh, faoi aon dlíthe is infheidhme.

**Rannpháirtíocht rialta**

22. Buailfidh oifigigh na bpáirtithe le chéile agus labhróidh siad le chéile ag leibhéil sinsearachta iomchuí chun nithe comhleasa a phlé agus féadfaidh siad labhairt le chéile de réir mar is gá idir cruinnithe ar nithe comhleasa den sórt sin a fhéadfaidh teacht chun cinn le linn an ghnáthchúrsa gnó.

23. Cinnfear clár oibre le haghaidh cruinnithe den sórt sin, a mhéid is féidir, roimh ré chun a chinntiú go bhfreastalófar orthu ag leibhéal iomchuí agus leis an saineolas iomchuí.

**Stádas agus éifeacht dhlíthiúil**

24. Ní eascraíonn oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí ar na páirtithe leis an gcomhaontú seo.

25. D'ainneoin sin, tá na páirtithe meáite ar aidhmeanna agus cuspóirí an chomhaontaithe seo a shaothrú de mheon macánta agus beartaíonn siad gníomhú i gcomhréir lena théarmaí ar bhonn deonach.

26. I gcás ina dteipeann ar Údarás na gCaighdeán Fógraíochta nó ar an gCoimisiún cloí le foráil den chomhaontú seo ní fhágfaidh sé sin go ndéanfar aon chumhacht de chuid an Údaráis nó an Choimisiúin a neamhbhailiú.

27. Ní fheidhmeoidh an comhaontú seo chun an fhreagracht a chur ar pháirtí (nó aon fhostaí, oifigeach nó gníomhaire de) i leith aon duine i ndamáistí nó ar aon bhealach eile as aon rud a dhéantar nó a mhainnítear a dhéanamh nach mbeadh duine freagrach as mar sin ar aon slí eile.

**Fad agus athbhreithniú an chomhaontaithe**

28. Tá na socruithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú seo, i gcás inar féidir, leagtha amach i dtéarmaí lena dtugtar dóthain solúbthachta chun go bhforbrófar an caidreamh idir na páirtithe i bhfianaise taithí.

29. Déanfaidh na páirtithe athbhreithniú ar na socruithe sin bliain amháin ó bheidh feidhm leo chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht leanúnach dá bhfeidhm. Déanfar an comhaontú seo a athnuachan go huathoibríoch ar feadh tréimhsí leanúnacha trí bliana ina dhiaidh sin go dtí go ndéanfar an comhaontú a fhoirceannadh de bhun Chlásal 31.

30. Féadfaidh leagan eile den chomhaontú seo a bheith ann, faoi réir chomhaontú an dá pháirtí. I gcás ina molann páirtí leagan eile den chomhaontú cuirfidh an páirtí sin isteach, i scríbhinn, chuig an bpáirtí eile téacs an leagain mholta agus na cúiseanna a bheidh leis sin.

31. Féadfaidh ceachtar páirtí an comhaontú seo a fhoirceannadh ag aon tráth agus gan chúis trí fhógra i scríbhinn a sholáthar don pháirtí eile maidir le foirceannadh den sórt sin. Féadfaidh páirtí fógra den sórt sin a sholáthar trína sheoladh sa phost chuig seoladh oifig chláraithe an pháirtí eile nó trína sheoladh go leictreonach.

**Arna thabhairt faoi shéala coiteann Údarás na gCaighdeán Fógraíochta an [dáta] seo de mhí na Nollag 2024.**

I láthair nuair a greamaíodh séala coiteann Údarás na gCaighdeán Fógraíochta de seo.

____________________

Comhalta
Le haghaidh agus thar ceann Údarás na gCaighdeán Fógraíochta

____________________

Comhalta
Le haghaidh agus thar ceann Údarás na gCaighdeán Fógraíochta

**Arna thabhairt faoi shéala coiteann Choimisiún na Meán, an [dáta] seo de mhí na Nollag 2024.**

I láthair nuair a greamaíodh séala coiteann Choimisiún na Meán de seo.

____________________

Coimisinéir
Le haghaidh agus thar ceann Choimisiún na Meán